Téipscript

Topaic: **An Scoil**

Fothopaic: **Obair bhaile na naíonán**

Cainteoir: **Lára Ní Riain**

De ghnáth, tosaímse obair bhaile Na Naíonáin Bheaga* i mí na Samhna, *so* tugann sé sin deis dóibh…cumas…saghas leibhéal Gaeilge a bheith acu go léir. Ansin bíonn ceithre oíche obair bhaile – Luan, Máirt, Céadaoin agus Déardaoin. Ar an Luan, de ghnáth, tugaimse leabhar fuaime dóibh. Mar sin, pé fuaim atá ar siúl againn an tseachtain sin, mar shampla 'c' nó 'c', faigheann said leabhar faoi 'c' agus bíonn orthu an fhuaim sin a scríobh. Ar an Máirt faigheann siad leabhar léitheoireachta, chomh maith le luaschárta le pé focal, mar shampla 'tá', nó 'seo' nó 'níl'. Ansin ar an gCéadaoin, faigheann siad leabhar léitheoireachta nua agus faigheann siad obair pheannaireachta freisin. Bíonn leabhar peannaireachta acu le dul siar ar na fuaimeanna difriúla. Agus ansin ar an Déardaoin faigheann siad leabhar léitheoireachta eile agus chomh maith leis sin, bíonn leabhar Mata acu. *So* mar shampla, má tá rud éigin cosúil le ham nó suimiú – uimhir a dó nó uimhir a trí – ar siúl acu – bíonn leathanach acu le déanamh mar gheall air sin. Molaimse do thuismitheoirí, b'fhéidir, gan níos mó ná 20 nóiméad a chaitheamh ar an obair bhaile. Má thógann sé níos mó ná sin, ní fiú é. Bíonn tuirse orthu tar éis an lae scoile.

**na naíonán beag* a scríobhfaí.